2023/2816

18.12.2023

CINNEADH (AE) 2023/2816 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 7 Nollaig 2023

maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh d'íoc ag bainc cheannais náisiúnta nach bhfuil an euro mar airgeadra acu agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/136 (BCE/2020/2)*(BCE/2023/36)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 47 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 47 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta) nach gá do bhainc cheannais náisiúnta Ballstát a bhfuil maolú acu (dá ngairtear 'BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro' anseo feasta) a gcaipiteal suibscríofa a íoc mura gcinnfidh Comhairle Ghinearálta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE), ag gníomhú di trí thromlach arb ionann é agus dhá thrian ar a laghad de chaipiteal suibscríofa BCE agus leath na scairshealbhóirí ar a laghad, nach mór céatadán íosta a íoc mar ranníocaíocht le costais oibríochtúla BCE.

(2) Foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/136 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/2) ([1]) go n-íocfaidh gach BCN nach bhfuil sa limistéar euro suas le 3,75% dá scair i gcaipiteal suibscríofa BCE le héifeacht ón 1 Feabhra 2020.

(3) Déantar foráil i gCinneadh (AE) 2023/2811 ón Bhanc Ceannais Eorpach (ECB/2023/31) ([2]) do choigeartú an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear an 'scála caipitil' anseo feasta) agus leagtar síos sa Chinneadh sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 na i gcomhréir le hAirteagail 29.3 de CEBC na hualaithe nua arna sannadh do gach BCN sa scála caipitil coigeartaithe (dá ngairfear na 'hualaithe sa scála caipitil' anseo feasta).

(4) Chun coigeartú cúigbhliantúil a dhéanamh ar eochair chaipitil BCE, is gá cinneadh nua BCE a ghlacadh lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/136 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/2) le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus lena gcinnfear an céatadán de chaipiteal suibscríofa BCE a bhfuil oibleagáid ar na BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro iad a íoc le héifeacht ón 1 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Méid agus foirm an chaipitil íoctha is suibscríofa

Íocfaidh gach BCN nach bhfuil sa limistéar euro 3,75 % dá scair i gcaipiteal suibscríofa BCE le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Agus na heochair-ualuithe caipitil a leagtar amach in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2023/2811 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/31) á gcur san áireamh, beidh caipiteal suibscríofa agus íoctha iomlán ag gach BCN nach bhfuil sa limistéar euro arb ionann é agus an méid a thaispeántar taobh lena ainm sa tábla seo a leanas:

([1]) Cinneadh (AE) 2020/136 ón Bhanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh a íoc ag bainc cheannais náisiúnta nach bhfuil sa limistéar euro agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/48 (BCE/2020/2) (IO L 27 I, 1.2.2020, lch. 1).

([2]) Cinneadh (AE) 2023/2811 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2023 maidir le scaireanna céatadáin na mbanc ceannais náisiúnta san eochair le haghaidh suibscríobh le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/137 (BCE/2020/3) (BCE/2023/31) (IO L, 2023/2811, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2811/oj).

BCN nach bhfuil sa limistéar euro	Caipiteal suibscríofa amhail an 1 Eanáir 2024 (in EUR)	Caipiteal íoctha amhail an 1 Eanáir 2024 (in EUR)
Българска народна банка (Bulgarian National Bank/Banc Náisiúnta Bulgárach)	105 901 044,16	3 971 289,16
Česká národní banka	212 419 113,73	7 965 716,76
Danmarks Nationalbank	192 652 650,82	7 224 474,41
Magyar Nemzeti Bank	171 240 786,83	6 421 529,51
Narodowy Bank Polski	659 979 031,02	24 749 213,66
Banca Națională a României	312 712 804,23	11 726 730,16
Sveriges Riksbank	318 699 033,14	11 951 213,74

Airteagal 2

Caipiteal íoctha a choigeartú

1. Ós rud é go bhfuil 3,75 % dá scair i gcaipiteal suibscríofa BCE íoctha cheana féin ag gach BCN nach bhfuil sa limistéar euro, de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2023 faoi Chinneadh (AE) 2020/136 (BCE/2020/2), aistreoidh gach ceann acu méid breise chuig BCE, nó gheobhaidh siad suim ar ais ó BCE, de réir mar is iomchuí, chun teacht ar na méideanna a léirítear sa tríú colún den tábla in Airteagal 1.

2. Déanfar gach aistriú i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/2817 ón Bhanc Ceannais Eorpach (ECB/2023/33) ([3]).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus aisghairm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

2. Déantar Cinneadh (AE) 2020/136 (BCE/2020/2) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

3. Déanfar tagairtí do Chinneadh (AE) 2020/136 (BCE/2020/2) a léiriú mar thagairtí don Chinneadh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 7 Nollaig 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([3]) Cinneadh (AE) 2023/2817 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2023 lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le scairchaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh a aistriú idir na bainc cheannais náisiúnta agus maidir leis an gcaipiteal íocthaa a choigeartú agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/139 (BCE/2020/3) (BCE/2023/31) (IO L, 2023/2817, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2817/oj).